



Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta i mBunscoileanna, i Meánscoileanna, i Scoileanna Pobail agus i Scoileanna Cuimsitheacha aitheanta agus chuig Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna

**Céim Moille Coróinviris (COVID-19)
Socruithe do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta
atá fostaithe i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna aitheanta**

Treoraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na socruithe speisialta a chur i bhfeidhm chun freastal ar COVID-19 do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta (CRS) atá fostaithe i bpoist cheadaithe arna maoiniú ag airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.

Tá na socruithe speisialta seo le cur i bhfeidhm ag gach fostóir le héifeacht láithreach agus ní mór do gach múinteoir agus CRS cloí leis na socruithe speisialta.

Áirítear leis na prionsabail ghinearálta a bhaineann le bainistiú COVID-19 sábháilteacht agus leas fostaithe agus íoslaghú an tionchair ar theagasc agus ar fhoghlaim.

Is é príomhfhócas na bhfostaithe san earnáil oideachais ná leanúint ar aghaidh ag soláthar teagaisc do gach dalta le linn na ndúntaí scoile reatha. Ceanglaítear ar gach scoil agus múinteoir leanúint ar aghaidh ag pleanáil ceachtanna agus nuair is féidir, acmhainní ar líne a chur ar fáil do dhaltaí nó do cheachtanna ar líne ina bhfuil scoileanna feistithe chun é sin a dhéanamh. Ba chóir do scoileanna daltaí a chur san áireamh freisin nach bhféadfadh rochtain a bheith acu ar áiseanna ar líne. Beidh ar fhóistóirí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun fostaithe a úsáid chun seachadadh seirbhísí oideachais a éascú.

Forchoimeádann an Roinn an ceart na socruithe seo a athrú ag am ar bith chun comhairle nuashonraithe sláinte poiblí a léiriú ó Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte.

Tagann an Ciorclán seo in ionad Ciorclán 0020/2020 dar teideal 'Coronavirus (COVID-19): Socruithe do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna aitheanta'.

Cinntigh, le do thoil, go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go ndíreofar aird gach múinteora agus CRS i do chuid fostaíochta air, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh.

Ba cheart gach ceist a chur faoi bhráid an fhóistóra ar dtús. B'fhéidir gur mian leo dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch. Féadfar aon cheisteanna eile a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

Tá teacht ar an Imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.gov.ie

Alfie Barrett
Príomhoifigeach
An Rannóg um Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRS

Pádraig Maloney
Príomhoifigeach
An Rannóg Phárolla

27 Márta 2020

Sainmhíithe

Chun críocha an Chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léireoidh an comhthéacs a mhalairt.

RGFCS - ciallaíonn sé seo an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

RCPA – ciallaíonn sé seo an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Fostaí - ciallaíonn sé seo múinteoir cláraithe nó Cúntóir Riachtanas Speisialta.

Fostóir - ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail, pobalscoileanna náisiúnta agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir más bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna nó scoileanna cuimsitheacha atá i gceist. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir an fhreagracht as ábhair atá leagtha amach sa Chiorclán seo a tharmligean mar is cuí.

BOO - ciallaíonn sé seo an Bord Oideachais agus Oiliúna.

RGCS - ciallaíonn sé seo an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679).

FSS – ciallaíonn sé seo Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

An Córas Éileamh Ar Líne (OLCS) ciallaíonn sé seo an córas chun neamhláithreachtaí a thaifeadh agus ionadú a éileamh atá ag feidhmiú i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i scoileanna pobail agus cuimsitheacha faoi láthair.

Pámháistir - ciallaíonn sé seo an duine/eagraíocht atá i gceannas ar tuarastail a íoc. An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus na Boird Oideachais agus Oiliúna i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail.

Féin-leithlisiú - ciallaíonn sé seo fostaí ar a bhfuil comharthaí COVID-19 ar moladh dó/di de réir míochaine/FSS fanacht laistigh agus teagmháil le daoine eile a sheachaint go hiomlán. Beidh deimhniú ag teastáil i ngach cás de mholadh ó FSS/de réir leighis.

Gluaiseachtaí srianta - ciallaíonn sé seo fostaí gan aon chomharthaí COVID-19 ar cuireadh in iúl dó/di de réir leighis/FSS srian a chur ar ghluaiseachtaí chun teagmháil le daoine eile agus le cásanna sóisialta a sheachaint an oiread agus is féidir. Beidh deimhniú ag teastáil i ngach cás de mholadh ó FSS/de réir leighis.

CRS – ciallaíonn sé seo Cúntóir Riachtanais Speisialta.

An Roinn - ciallaíonn sé seo an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

1. Réamhrá

- 1.1 Víreas ar féidir leis a bheith ina chúis le breoiteacht a dhéanann difear do na scamhóga agus do na feadáin anála is ea COVID-19 (Coróinvíreas).
- 1.2 Tá oibleagáidí ar an bhfostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 sábháilteacht agus leas na foirne ag an obair a chinntiú.
- 1.3 Ba cheart d'fhostóirí agus d'fhostaithe cloí leis an treoir atá leagtha amach ag FSS agus/nó a ndochtúir.

2. Cuspóir an Chiorcláin seo

- 2.1 Is é is cuspóir don gCiorclán seo comhairle a chur ar fhostóirí faoi na socrúithe le linn chéim na moille d'fhostaithe:
 - 1) a bhfuil COVID-19 tolgtha acu
 - 2) a bhfuil comharthaí COVID-19 orthu agus ar iarr FSS/an dochtúir orthu féin-leithlisiú a dhéanamh chun leathadh an víris a chosc
 - 3) nach bhfuil aon chomharthaí COVID-19 orthu ach atá i ndlúth-theagmháil le cás COVID-19 deimhnithe nó ar fhill ó thír eile agus ar iarr FSS/an dochtúir orthu srian a chur ar a gcuid gluaiseachtaí chun leathadh an víris a chosc
 - 4) atá i mbaol mór breoiteachta tromchúisí ó COVID-19

3. Saoire Speisialta le Pá

- 3.1 Faoin gCiorclán seo, féadfaidh fostóir saoire speisialta le pá a dheonú d'fhostaí i gcás ina gcuirtear deimhniú ó FSS/leighis iomchuí ar fháthmheas COVID-19 nó moladh chun féin-leithlisiú a dhéanamh nó chun srian a chur ar a ghluaiseachtaí ar fáil de réir Threoirlínte FSS.
- 3.2 Íocfaidh an Pámháistir as ionadaíocht ar feadh na laethanta sin má tá gá le hionadaí chun teagasc nó cúram a sholáthar do na daltaí.
- 3.3 Ní áireofar aon saoire speisialta le pá a deonaíodh chun fáthmheas a dhéanamh ar COVID-19, féin-leithlisiú nó le haghaidh gluaiseachtaí srianta mar chuid de thaifead Saoire Bhreoiteachta an fhostaí. Beidh feidhm ag an teidlíocht saoire speisialta le pá i dtaobh an líon laethanta a chuireann FSS/an dochtúir in iúl.

4. Féin-Leithlisiú

- 4.1 Leagann FSS na critéir maidir le féin-leithlisiú amach ag:-
<https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html>.
Ní féidir le fostaí a roghnú go deonach féin-leithlisiú a dhéanamh.
- 4.2 Sa chás gurb í comhairle ó FSS nó comhairle leighis é go gcaithfidh an fostaí féin-leithlisiú a dhéanamh ansin féadfaidh an fostóir saoire speisialta le pá a dheonú.
- 4.3 Sa chás nach bhfuil fáil ar dheimhniú scríofa ó FSS nó ar dheimhniú leighis chun féin-leithlisiú a dhéanamh, ní mór d'fhostaí an Fhoirm Féin-Dhearbhaithe a chomhlánú ag Aguisín 1 chun an chomhaire ó FSS nó an chomhairle leighis a fuarthas a thaifeadh. Ba cheart don fhostaí an Fhoirm agus í comhlánaithe, a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir a luaithe is féidir

- 4.4 Sa chás go bhfuil an fostaí ar saoire speisialta le pá cheana féin mar gheall ar fhéin-leithlisiú agus má tholgann sé/sí COVID-19 ina dhiaidh sin, ansin féadfaidh an tsaoire speisialta le pá leanúint ar aghaidh ar feadh ré na breoiteachta, faoi réir deimhniú leighis a bheith á sholáthar don fhostóir.
- 4.5 Cosúil leis na prionsabail ghinearálta a bhaineann le bainistiú Saoire Bhreoiteachta, ní mór don bhfostaí teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na cúinsí thuasluaite. I gcás ina n-athraíonn cúinsí nó fáthmheas, ba cheart don fhostaí an fostaí a chur ar an eolas a luaithe is féidir.
- 4.6 Ba chóir go mbeadh teagmháil chuí idir an fhostóir agus an fostaí le linn na tréimhse saoire speisialta le pá.
- 4.7 Nuair a bheidh an tréimhse mholta féin-leithlisithe istigh, ba cheart comhairle leighis agus Treoirínte FSS a leanúint maidir le filleadh ar an obair.
- 4.8 Ní cheadaítear d'fhostaí ar shaoire speisialta le pá íocaíocht an tSochair Bhreoiteachta COVID-19 de chuid an RGFCa COVID-19 a éileamh.

5. Gluaiseachtaí Srianata

- 5.1 Leagann FSS amach na critéir maidir le gluaiseachtaí srianata ag:- <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html>. Ní féidir le fostaí a roghnú go deonach srian a chur ar a chuid gluaiseachtaí.
- 5.2 Tá fostaí a cuireadh in iúl dó/di srian a chur ar a c(h)uid gluaiseachtaí ar fáil le haghaidh oibre. Ba cheart obair a shannadh don fhostaí agus dá bhrí sin ní mór don fhostóir socruithe oibre malartacha a éascú e.g. oibriú ón mbaile. I gcás nach bhfuil socruithe oibre malartacha i ról reatha an fhostaí indéanta, ansin féadfar é/í a shannadh go sealadach chun oibriú laistigh den tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag alt 10.

6. Grúpaí i mBaol

- 6.1 Tá comhairle ó FSS maidir le grúpaí i mbaol ag: <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/at-risk-groups.html>
- 6.2 Ba chóir d'fhostaí féin-dhearbhú a dhéanamh i gcás ina measann sé/sí go bhfuil sé/sí i mbaol mór breoiteachta tromchúisí ó COVID-19. Sa chás nach bhfuil an fostaí breoite, ba cheart don fhostóir tosaíocht a thabhairt do shocruithe oibre malartacha e.g. oibriú ón mbaile.
- 6.3 I gcás nach bhfuil socruithe oibre malartacha i ról reatha an fhostaí indéanta, ansin féadfar é/í a shannadh go sealadach chun oibriú laistigh den tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag alt 10.

7. Gnáthshaoire Bhreoiteachta

- 7.1 Faoi théarmaí agus coinníollacha na Scéime um Shaoire Bhreoiteachta, ba cheart don fhostóir gnáthbhreoiteacht, m. sh. breoiteacht riospráide víreasach, a thaifeadadh ar an gcóras OLCS/BOO ábhartha. Má dhéantar an fostaí a fháthmheas ina dhiaidh sin le COVID-19, is féidir an tsaoire speisialta le pá a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach in ionad Saoire Bhreoiteachta.

8. Níosanna Imeachta Iarratais maidir le Saoire Speisialta le Pá

- 8.1 Chun go mbeidh an tsaoire speisialta cheadaithe le pá á thaifeadadh ag an Roinn/BOO, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn/BOO faoin neamhláithreachta a luaithe is féidir. I gcás fostaithe íoctha na Roinne, ba chearta na sonraí ábhartha a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe: covid19@education.gov.ie. Ba chearta go mbainfeadh cumarsáid leis an seoladh ríomhphoist seo go sonracha leis an tsaoire speisialta cheadaithe le pá.

9. Saoire a Chealú

- 9.1 Ní mór na rialacha maidir le saoire (m. sh. Saoire Thuismitheoirí) a chealú a bheith de réir théarmaí agus choinníollacha foilseachán ábhartha na Roinne.

10. Sannadh Sealadach

- 10.1 De réir threoir an RCPA, ní mór do gach seirbhíseach poiblí nach moltar dóibh de réir leighis féin-leithlisiú a dhéanamh a bheith ar fáil chun obair a dhéanamh chun seirbhísí a sheachadadh laistigh dá n-earnáil féin (mar thosaíocht) nó le haghaidh sannta shealadaigh laistigh den tseirbhís poiblí i gcoitinne.
- 10.2 Iarrfar ar fhostóirí a chinneadh cé acu dá bhfostaithe a chuirfidh seirbhísí oideachais ar fáil dá ndaltaí. Dá bhrí sin, beidh aon fhostaí nach gá a choinneáil i mbun soláthar seirbhísí oideachais ar fáil chun é/í a shannadh ar bhonn sealadach chun tacú le seachadadh seirbhísí poiblí riachtanacha eile. Déanfar an sannadh sealadach seo a bhainistiú ar bhonn struchtúrtha láraithe tríd an Roinn seo agus tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Cuirfear tuilleadh sonraí faoi na socruithe praiticiúla chuige seo in iúl d'fhostóirí go luath.

11. An Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe

- 11.1 Tá an Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe ar fáil mar acmhainn thacúil d'fhostaithe. Is é 1800 411 057 an líne chabhreach rúnda saorghlao agus tá sí ar fáil 24 uair an chloig sa ló agus 365 lá sa bhliain.

12. Cosaint Sonraí

- 12.1 Ní mór don fhostóir na doiciméid uile a bhaineann le saoire speisialta le pá agus féin-dearbhu a choinneáil leis na taifid phearsanta ábhartha ar bhealach slán sábháilte agus i gcomhréir le rialacháin bheartas cosanta sonraí an fhostóra agus le rialacháin chosanta sonraí. Is féidir le hoifigigh ainmnithe na Roinne na taifid seo a iniúchadh.
- 12.2 Teastaíonn na sonraí pearsanta a sholáthraítear ón Roinn chun an tsaoire speisialta le pá a phróiseáil. Tá sonraí iomlána Bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a úsáidfeadh sonraí pearsanta lena n-áirítear faisnéis maidir le cearta mar ábhar sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil freisin i gcóip chrua ón Roinn ach é a iarraidh.
- 12.3 Chun an tsaoire speisialta le pá a phróiseáil, bheadh feidhm ag Airteagal 6(1)(d) i gcomhar le hAirteagal 9(2)(b) i ndáil le sonraí catagóire speisialta (lena n-áirítear sonraí sláinte) an RGCS. Ina theannta sin, ceadaíonn Airteagal 9(2) (i), mar aon le halt 53 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, sonraí catagóire speisialta a phróiseáil (lena n-áirítear sonraí sláinte) ar chúiseanna a bhaineann le leas substaintiúil an phobail.

13. Comhall

13.1 Mura gcloítear leis na socrúithe speisialta atá leagtha amach sa Chiorclán seo, féadfar na nósanna imeachta araíonachta atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm.

Aguisín 1

Leathanach 1 de 2

FOIRM UM FHÉIN-DHEARBÚ COVID-19: SAOIRE SPEISIALTA LE PÁ (COVID-19) LE HAGHAIDH FÉIN-LEITHLISITHE

Cuid 1 - Sonraí an Fhostaí

Ainm an fhostaí: _____ Uimh. Theagmhála: _____

Seoladh Baile: _____

Seoladh ríomhphoist: _____

UPSP: _____

Ainm scoile: _____ Uimh. Rolla: _____

Cuid 2 – Sonraí na Saoire Speisialta le Pá

Líon na laethanta bunaithe ar chomhairle leighis chun féin-leithlisiú a dhéanamh: _____

Ag tosú ar (LL/MM/BBBB): _____

Ag críochnú ar (LL/MM/BBBB): _____

Comhairle féin-leithlisiú a dhéanamh faighte ó (✓)

DOCHTÚIR GINEARÁLTA	<input type="checkbox"/>	FSS	<input type="checkbox"/>
Ospidéal	<input type="checkbox"/>	Eile (sonraigh, le do thoil) _____	<input type="checkbox"/>

Comhairle Leighis faighte trí (✓)

Teileafón	<input type="checkbox"/>	Litir/ríomhphost/téacs (cuir cóip leis an bhfoirm seo le do thoil)	<input type="checkbox"/>
Go pearsanta	<input type="checkbox"/>	Eile (sonraigh, le do thoil) _____	<input type="checkbox"/>

Sonraí na Comhairle Leighis chun Féin-Leithlisiú a dhéanamh

Ainm an chomhairleora (m.sh. ainm an dochtúra, oibrí FSS)	
Dáta agus am ar cuireadh an chomhairle ort	

Sonraí a sholáthraigh tú don chomhairleoir (m.sh. áiteanna agus dátaí nochna srl.)	
--	--

¹ ciallaíonn bona fide maidir le hionadaíocht nó cumarsáid de mheon macánta agus bunaithe go maith ar fhíric. Forchoimeádann an fostóir an ceart tuilleadh dearbhaithe a iarraidh.

Leathanach 2 de 2

Dearbhú

Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Speisialta le Pá de réir Ciorclán X0024/2020 dar teideal 'Coróinvíreas (COVID-19)

Céim Moille: Socruithe do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta fostaithe i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Aitheanta.

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san Fhoirm Féin-dhearbhaithe fíor agus cruinn.

Síniú an Fhostóra: _____ Dáta: _____

Ráiteas Príobháideachais um Chosaint Sonraí

Is í an phríomhchuspóir go bhfuil n-iarrann an Roinn ort na sonraí pearsanta seo a sholáthar do d'fhostóir go bhféadfar do Shaoire Speisialta le Pá a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus na doiciméid a ghabhann léi de réir a mbeartais um Chosaint Sonraí. Tá tuilleadh eolais maidir leis an mbeartas seo ar fáil ó d'fhostóir ach í a iarraidh.

Is féidir teacht ar an bhFógra Príobháideachais ina leagtar amach tuilleadh eolais maidir leis an bhfoirm iarratais seo ag: <https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Cosaint-Sonra%C3%AD/gdpr/gdpr.html> Tá sonraí iomlána Bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a úsáidimid do chuid sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag <https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Cosaint-Sonra%C3%AD/Eolas.html>. Tá sonraí an bheartais seo ar fáil freisin i gcóip chrua ó Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRS, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach iad a iarraidh.

Cuid 3 – Cead ón Fhostóir

Síniú: _____ Dáta: _____
(Fostóir)

NÍOR cheart Foirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/BOO i dteannta le haon doiciméadú ábhartha eile chun críocha taifid agus iniúchóireachta leis na taifid phearsanra ábhartha.

